

Foilsiú pléadálacha agus barúlacha i scríbhinn arna dtaisceadh i gcásanna réamhrialaithe

Foilseofar pléadálacha nó barúlacha i scríbhinn arna dtaisceadh i gcásanna réamhrialaithe ag na páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, de bhun an chúigiú mír den fhoráil sin, ar shuíomh Gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh laistigh de theorainn ama réasúnta i ndiaidh clabhsúr a chur leis an gcás, mura bhfuil agóidí déanta ag an údar i gcoinne fhoilsíú a mbarúlacha.

Foráiltear le hAirteagal 202(3) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta nach mór an agóid sin a chur in iúl don Chlárann, trí dhoiciméad ar leith, ar a dhéanaí trí mhí tar éis fógra a fháil nach bhfuil aon mholadh athbhreithnithe déanta ag an gCéad Abhcóide Ginearálta, nó tar éis fógra a thabhairt faoi chinneadh na Cúirte gan athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh na Cúirte Ginearálta, nó tar éis breithiúnas an athbhreithnithe a thabhairt.

Leanann sé ón méid thuas go bhfoilsítear na pléadálacha nó na barúlacha i scríbhinn arna dtaisceadh i gcásanna réamhrialaithe arna ndúnadh ag an gCúirt Ghinearálta ar shuíomh Gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, faoi réir ag cur i gcoinne féideartha ón údar. Is iad na doiciméid a fhoilsítear ar an suíomh an bunleagan de na pléadálacha nó de na barúlacha arna dtaisceadh agus na haistriúcháin atá ar fáil ar na doiciméid sin, agus aon sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith iontu bainte. Chun na leaganacha sin a chur le chéile, déantar próiseáil theicniúil ar na bundoiciméid, agus mar sin féadfar a bhformáidiú a mhodhnú beagán.